**2015. S38T**
**DON SCRÚDAITHEOIR**

**SCRÚDUIMHIR** [ ]

**Móriomlán na Marcanna** [ ]

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015

## EACNAMAÍOCHT BHAILE

### GNÁTHLEIBHÉAL

***DÉ hAOINE, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.00***

**Iomlán na Marcanna: 240**

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

1. ROINN A - 80 marc.
   Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna as Roinn A.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

2. ROINN B - 160 marc.
   Freagair 4 (ceithre) cheist as Roinn B.
   Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.

3. ***Freagair na ceisteanna sa spás atá ann dóibh.***

| STAMPA AN IONAID |
|---|
| |

## Don scrúdaitheoir amháin

| CEIST | MARC |
|---|---|
| Roinn A (Iomlán) | |
| Roinn B **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **6** | |
| **IOMLÁN →** | |
| **GRÁD →** | |

| | |
|---|---|
| 1. Suim na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán na (g)ceiste(anna) a dícheadaíodh | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas as freagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| 5. An marc iomlán má bronnadh bónas as freagairt trí Ghaeilge (3 móide 4) | |
| Nóta: Caithfidh an marc ar líne 3 (nó líne 5 má bronnadh bónas as freagairt trí Ghaeilge) a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca **Móriomlán na Marcanna** thuas. | |

## ROINN A
## 80 marc

**Freagair 16 (sé cinn déag) de na ceisteanna a leanas. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

**1.** Tabhair **dhá** fhoinse mhaithe de shnáithín cothaitheach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**2.** Ainmnigh an **dá** aicme vitimíní.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**3.** Mol gairnis **amháin** don anraith agus rud **amháin** a ghabhann le hanraith.

**Gairnis** ______________________________

**Rud a ghabhann leis** ______________________________

**4.** Tabhair **dhá** riail le leanúint agus bainne á stóráil agat.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**5.** Mol **dhá** úsáid **éagsúla** is féidir a bhaint as **gach ceann** de na cineálacha taosráin seo a leanas.

| **CINEÁL TAOSRÁIN** | **ÚSÁID** |
|---|---|
| **(i)** Taosrán Briosc-chrústa | **(i)** __________<br>**(ii)** __________ |
| **(ii)** Taosrán Cáise | **(i)** __________<br>**(ii)** __________ |

**6.** Ainmnigh riachtanas tomhaltóra agus teastáil tomhaltóra.

**(i)** **Riachtanas** ____________________

**(ii)** **Teastáil** ____________________

**7.** Mínigh cad is brí leis an gceart sásamh a fháil?

____________________

____________________

____________________

**8.** Cén t-eolas a thugtar ar lipéad táirge?

____________________

____________________

____________________

____________________


**9.** Ainmnigh **trí** mhodh fógraíochta éagsúla.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**10.** Cén t-eolas a léiríonn an tsiombail seo don tomhaltóir?



____________________

____________________

____________________

**11.** Cuir in iúl le tic [✓] cé acu fíor **nó** bréagach atá **gach ceann** de na ráitis seo a leanas.

| | | **Fíor** | **Bréagach** |
|---|---|---|---|
| **(i)** | Is é is ubhsceitheadh ann ná scaoileadh na huibhe ón ubhagán. | | |
| **(ii)** | Tarlaíonn toirchiú nuair a cheanglaíonn speirm d'ubh. | | |
| **(iii)** | Maireann toircheas daonna ar feadh 28 seachtaine de ghnáth. | | |

**12.** Ainmnigh **dhá** tháirge sláinte fiacla is féidir a úsáid chun fiacla sláintiúla a choinneáil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**13.** Liostaigh **trí** bhuntáiste a bhaineann le ham fóillíochta a úsáid go ciallmhar.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**14.** Mol **dhá** chineál lóistín a bheadh oiriúnach do theaghlach.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**15.** Ainmnigh **cúig** earra atá riachtanach i mbosca garchabhrach.

**(i)** ________________ **(ii)** ________________

**(iii)** ________________ **(iv)** ________________

**(v)** ________________


**16.** Ainmnigh dath teolaí **amháin** agus dath fionnuar **amháin**.

**(i)** **dath teolaí** ______________________________


**(ii)** **dath fionnuar** ______________________________

**17.** Cad is brí le **gach ceann** de na siombailí cúram fabraice seo a leanas?

**(i)**



**(ii)**



**(i)** ______________________________

______________________________

**(ii)** ______________________________

______________________________

**18.** Mol modh le guma coganta a bhaint de léine chadáis.

______________________________

______________________________

______________________________

**19.** Ainmnigh **dhá** chineál greamanna a úsáidtear nuair a bhíonn duine ag fuáil de láimh.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**20.** Tabhair **dhá** úsáid éagsúla a bhaintear as olann i dteicstílí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

## ROINN B
## 160 marc

**Freagair 4 (ceithre) ceist as an roinn seo. Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.**

1. **(a)** Ainmnigh **trí** chothaitheach atá le fáil i bhfeoil agus tabhair feidhm **gach** cothaitheach díobh.

| COTHAITHEACH | FEIDHM |
|---|---|
| **(i)** | **(i)** |
| **(ii)** | **(ii)** |
| **(iii)** | **(iii)** |

**(b)** Tabhair **dhá** riail le leanúint agus feoil á ceannach agat agus **dhá** riail le leanúint agus feoil á stóráil agat.

**Ceannach**

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**Stóráil**

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(c)** Liostaigh **trí** shlí a dtéann an chócaireacht i bhfeidhm ar fheoil.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(iii)** ____________________

**(d)** Mínigh **dhá** bhealach le feoil a dhéanamh níos boige.

**(i)** ____________________

**(ii)** ____________________

**(e)** Cad is brí leis an téarma *scairteach?*

____________________


____________________

**2.** **(a)** Ainmnigh **ceithre** thoisc le cur san áireamh agus béile do theaghlach á phleanáil agat.

**(i)** ______________________________ **(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________ **(iv)** ______________________________

**(b)** Leag amach biachlár i gcomhair dhinnéar **trí chúrsa** a bheadh oiriúnach do theaghlach.




**(c)** Roghnaigh an focal ceart as an liosta seo le **gach ceann** de na habairtí a chríochnú.

**veigeatóirí** **à la carte** **buifé** **table d'hôte**

**(i)** Biachlár ______________________ a thugtar ar bhiachlár a bhfuil a phraghas socraithe.

**(ii)** Ní itheann __________________________ feoil ná iasc.

**(iii)** Is é is biachlár _________________________ ann ná biachlár ar a bhfuil praghas ar leith ar gach rud.

**(iv)** Ag ________________, bíonn bia leagtha amach agus freastalaíonn daoine orthu féin.

**(d)** Mol **trí** shneaic shláintiúla a d'fhéadfaí a chur ar fáil idir bhéilí.

**(i)** __________________________________________________________________

**(ii)** __________________________________________________________________

**(iii)** __________________________________________________________________

**3.** **(a)** Tabhair **ceithre** chúis a bhfuil sé tábhachtach do theaghlach buiséadú a dhéanamh.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(b)** Tabhair **ceithre** thoisc ba chóir a chur san áireamh agus buiséad teaghlaigh á phleanáil.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(c)** Liostaigh **trí** áit ina bhféadfadh teaghlach airgead a shábháil go rialta.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(d)** Ainmnigh **dhá** chineál creidmheasa a bhíonn ar fáil do theaghlach.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**(e)** Tabhair **dhá** bhuntáiste agus **dhá** mhíbhuntáiste a bhaineann le creidmheas a úsáid chun earraí a cheannach.

**Buntáistí**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**Míbhuntáistí**

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**4.** **(a)** Ainmnigh **dhá** thoisc a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt leanaí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(b)** Tabhair sampla **amháin** de **gach ceann** de na cineálacha seo a leanas d'fhorbairt leanaí.

Fisiceach ______________________________

Intleachtach ______________________________

Mothúchánach ______________________________

Sóisialta ______________________________

**(c)** Cad is brí leis an téarma *ógántacht*?

______________________________

______________________________

______________________________

**(d)** Mínigh **dhá** shlí ar féidir coimhlint a sheachaint **(i)** sa bhaile agus **(ii)** i measc déagóirí.

**(i) Sa bhaile** ______________________________

______________________________

**(ii) I measc déagóirí** ______________________________

______________________________

**(e)** Mínigh cad is brí le *steiréitíopáil inscní.*

______________________________

______________________________

______________________________

**5.** **(a)** Tarraing sceitse den phlean urláir de sheomra teaghlaigh sa spás atá curtha ar fáil thíos. Cuir isteach troscán, daingneáin agus feistis.

***Plean Urláir***

**(b)** Mol córas téimh a bheadh oiriúnach don seomra teaghlaigh.

______________________________________________

**(c)** Tabhair **ceithre** threoirlíne ba chóir a leanúint chun caighdeán maith sláinteachais a choinneáil sa seomra.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(iii)** ______________________________________________

**(iv)** ______________________________________________

**(d)** Ainmnigh **dhá** oibreán glantacháin le húsáid sa seomra seo.

**(i)** ______________________________________________

**(ii)** ______________________________________________

**(e)** Cén t-eolas a thugann an tsiombail seo don tomhaltóir?



______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**6.** **(a)** Tabhair **dhá** fheidhm a bhíonn ag bogfheisteas sa teach sa bhaile.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(b)** Liostaigh na pointí a chuir tú san áireamh agus tú ag socrú cén t-earra tí a dhéanfá mar chuid den Staidéar ar Theicstílí.

**(i)** ______________________________

**(ii)** ______________________________

**(iii)** ______________________________

**(iv)** ______________________________

**(c)** Ainmnigh an t-earra tí a rinne tú mar chuid den Staidéar ar Theicstílí, déan sceitse de agus déan cur síos air.

**Ainm** ______________________________

***Sceitse***

**Cur síos** ______________________________

______________________________

______________________________

**(d)** Ainmnigh an fhabraic nó na fabraicí a d'úsáid tú leis an earra tí a dhéanamh.

______________________________

**(e)** Liostaigh **ceithre** phíosa trealaimh a d'úsáid tú agus an t-earra tí á dhéanamh agat.

**(i)** ______________ **(ii)** ______________

**(iii)** ______________ **(iv)** ______________

LEATHANACH BÁN